Páirtnéireacht Shibhialta a Dhéanamh

	Leathanach
An próiseas a ghabhann le fógra a thabhairt maidir le páirtnéireacht shibhialta	3
An próiseas a ghabhann le clárú páirtnéireachta sibhialta	8
Daoine a bhí i bpáirtnéireacht shibhialta/a bhí pósta roimhe seo	10
Páirtnéireachtaí sibhialta agus díscaoileadh lasmuigh d'Éirinn	13
Aguisíní	14

Tá na forálacha dlíthiúla a bhaineann le clárú páirtnéireachta sibhialta le fáil i gCuid 3 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010. Leis na forálacha sin, leasaítear an tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004, chun socrú a dhéanamh maidir le páirtnéireachtaí sibhialta in Éirinn.

Is ionann páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh agus conradh sollúnta dlíthiúil a dhéanamh agus tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéantar na foirmiúlachtaí dlíthiúla riachtanacha go léir a chomhlíonadh chun a chinntiú go bhfuil páirtnéireacht shibhialta bailí ó thaobh an dlí de.

Léiríonn an fhaisnéis atá sa leabhrán seo ceanglais na reachtaíochta agus is ceart an fhaisnéis sin a thabhairt do d'aire go cúramach. Má tá aon fhiafraithe agat faoi na mionsonraí atá sa leabhrán seo is ceart duit teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta, Oifigí an Rialtais, Bóthar an Chlochair, Ros Comáin le teileafón ar Ghlao Áitiúil 1890-252076 nó le ríomhphost tríd an rogha 'déan teagmháil linn/contact us' ar ár láithreán gréasáin ag www.groireland.ie.

Chun coinne a dhéanamh i gcomhair fógra a thabhairt á rá go bhfuil ar intinn páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh ('fógra trí mhí'), is ceart duit teagmháil a dhéanamh leis an oifig áitiúil clárúcháin shibhialta. Is féidir na mionsonraí teagmhála do gach oifig a fháil ar láithreán gréasáin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag an seoladh seo a leanas: www.hse.ie/eng/services/Find_a_Service/bdm/

NÓTA: Tá an leabhrán seo ceaptha chun faisnéis ghinearálta a sholáthar maidir le clárú páirtnéireachtaí sibhialta in Éirinn. Ní airbheartaíonn sé a bheith ina léiriú dlíthiúil ar an reachtaíocht iomchuí agus ní ceart é a fhorléiriú mar léiriú den sórt sin.

Réamhriachtanais a ghabhann le Páirtnéireacht Shibhialta bhailí

Chun conradh bailí páirtnéireachta sibhialta a dhéanamh sa Stát seo, ní mór do na páirtithe sa pháirtnéireacht shibhialta:

- A bheith inniúil ar pháirtnéireacht shibhialta a dhéanamh
- Toiliú go saor leis an bpáirtnéireacht shibhialta
- An próiseas a ghabhann le fógairt na páirtnéireachta sibhialta a urramú
- Na ceanglais substainteacha eile go léir le haghaidh páirtnéireachta sibhialta a chomhlíonadh mar a leagtar amach go hachomair i gCuid 7A den Acht um Chlárú Sibhialta, 2004

An Aois Íosta le haghaidh Páirtnéireachta Sibhialta:

Is í an aois íosta atá ann le gur féidir le duine conradh dlíthiúil a dhéanamh le haghaidh páirtnéireachta sibhialta ná ocht mbliana déag d'aois. Ní mór do gach duine a thugann fógra á rá go mbeartaítear páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh fianaise ar aois agus ar chéannacht a sholáthar don Chláraitheoir. I gcás nach dtugtar an fhianaise sin ar aird diúltófar leanúint ar aghaidh le clárú na páirtnéireachta sibhialta.

An Próiseas a ghabhann le Fógra a thabhairt maidir le Páirtnéireacht Shibhialta:

Fógra i bPearsa

Ceanglas dlíthiúil le haghaidh páirtnéireachta sibhialta is ea an ceanglas fógra a thabhairt don Chláraitheoir á rá go mbeartaítear páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh. Ní bheidh páirtnéireacht shibhialta bailí de réir an dlí mura rud é go ndéantar an fógra trí mhí a thabhairt.

Ní mór do gach lánúin a bheartaíonn páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh sa Stát freastal i bpearsa a dhéanamh (de réir coinne agus dá réir sin amháin) in oifig Cláraitheora chun fógra trí mhí ar a laghad a thabhairt á rá go mbeartaíonn siad páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh. Mar shampla, maidir le haon lánúin atá chun páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh an 1 Lúnasa 2011 nó dá éis ní mór fógra a bheith tugtha acu do Chláraitheoir an 1 Bealtaine 2011 nó roimhe.

Is féidir an fógra a thabhairt in oifig aon Chláraitheora. Ní gá an fógra a thabhairt do Chláraitheoir sa cheantar ina bhfuil clárú na páirtnéireachta sibhialta le déanamh ná ina bhfuil cónaí ar an lánúin. D'fhéadfadh sé, mar shampla, go mbeadh sé níos caoithiúla do lánúin freastal a dhéanamh ag oifig Cláraitheora gar dá n-ionad oibre. Is Cuma cén oifig a roghnaíonn tú, ní mór duit coinne a dhéanamh le Cláraitheoir roimh ré.

Cé go gceanglaítear fógra íosta trí mhí leis an dlí, moltar do lánúineacha teagmháil a dhéanamh leis an gCláraitheoir tamall maith níos faide ná trí mhí roimh an dáta atá beartaithe acu chun an pháirtnéireacht shibhialta a chlárú lena chinntiú go bhfaighidh siad coinne thráthúil. Is féidir mionsonraí maidir le gach oifig clárúcháin shibhialta a fháil ar láithreán gréasáin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag an seoladh seo a leanas: www.hse.ie/eng/services/Find_a_Service/bdm/

Na Doiciméid a Iarrfar

Déanfaidh an Cláraitheoir na mionsonraí maidir le fógra a thaifeadadh ar chóras ríomhairithe le haghaidh fógraí ar bhonn na faisnéise a bheidh tugtha ag na páirtithe. Nuair a bheidh siad ag freastal ar oifig an Chláraitheora chun clárú a dhéanamh, ní mór do na páirtithe an táille chuí a íoc agus ní mór dóibh fianaise ar a n-ainmneacha, ar a seoladh, ar a ndátaí breithe, ar a stádas sibhialta agus ar a náisiúntacht a sholáthar don Chláraitheoir.

I gcoitinne, iarrfar ar gach lánúin na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird:-

- Pas mar fhianaise fhótagrafach ar chéannacht,
- Deimhniú Breithe bunaidh (ní mór stampa deimhniúcháin apostille a bheith air más de thionscnamh áit lasmuigh d'Éirinn an deimhniú breithe),
- Cruthúnas ar sheoladh,
- Táille an fhógra,
- Má tá ceachtar páirtí colscartha – foraitheanta críochnaitheacha bunaidh i leith gach uile phósadh roimhe sin,
- Má tá díscaoileadh páirtnéireachta sibhialta ag ceachtar páirtí – dís caoileadh bunaidh i leith gach uile pháirtnéireacht shibhialta roimhe sin,
- Más duine i mbaintreachas atá ann – deimhniú/deimhnithe báis an chéile/na gcéilí roimhe seo agus an deimhniú/na deimhnithe pósta shibhialta dá bpósadh/bpóstaí roimhe seo,
- Más páirtí i bpáirtnéireacht shibhialta nó i bpósadh ar chuir Cúirt Éireannach ar neamhní í nó é – an fhoraithne chríochnaitheach neamhnithe agus litir ón gcúirt iomchuí á dhaingniú nár taisceadh aon achomharc,
- Más páirtnéir sibhialta marthanach atá ann – deimhniú/deimhnithe báis an pháirtnéara shibhialta/na bpáirtnéirí sibhialta roimhe seo agus an deimh niú/na deimhnithe clárúcháin le haghaidh na páirtnéireachta sibhialta/na bpáirtnéireachtaí sibhialta roimhe seo, agus
- Uimhreacha PPS (más infheidhme).

D'fhéadfadh sé go n-iarrfar doiciméid bhreise i gcásanna áirithe, mar shampla i gcás colscaradh a bheith deonaithe lasmuigh den Stát agus nach mór cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil aitheantas ag dul dó sin faoi dhlí na hÉireann. Déarfaidh an Cláraitheoir leat cad atá ag teastáil i ngach cás ar leith.

De bhreis ar a gcuid mionsonraí pearsanta, iarrfar ar an lánúin mionsonraí a sholáthar maidir leis an bpáirtnéireacht shibhialta atá beartaithe acu, mar shampla:-

- an dáta atá beartaithe le haghaidh na páirtnéireachta sibhialta,
- ainmneacha agus dátaí breithe a gcuid finnéithe, agus
- mionsonraí faoin ionad beartaithe.

Beidh ar an mbeirt acu dearbhú a chomhlánú á rá nach eol dóibh go bhfuil bac dlíthiúil ann i ndáil leis an bpáirtnéireacht shibhialta atá beartaithe. (Tá liosta bacanna le fáil in Aguisín 2.)

Nuair a chuirtear an próiseas fógra i gcrích déanfaidh an Cláraitheoir admháil a eisiúint chuig gach páirtí i bpáirtnéireacht shibhialta bheartaithe, ar admháil í ina ndaingneofar go bhfuarthas an fógra. Is ceart a thabhairt do d'aire nach n-eisítear na hadmhálacha sin ach amháin ar mhaithe le taifead agus níl siad ceaptha chun bheith ina gceadúnas nó ina ndeimhniú lena dtugtar ceadú an Chláraitheora lena mbaineann i leith aon páirtnéireachta sibhialta beartaithe. Ní mór na réamhcheanglais go léir eile a bhaineann le páirtnéireachtaí sibhialta agus a cheanglaítear le dlí, mar a leagtar amach sa leabhrán seo, a chomhlíonadh freisin.

Tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aire freisin nach ndéanfaidh an Cláraitheoir dáta a dhaingniú don pháirtnéireacht shibhialta go dtí an tráth a chuirtear an próiseas fógra i gcrích.

Aon duine a chláraíonn páirtnéireacht shibhialta, nó is páirtí i bpáirtnéireacht shibhialta, agus é nó í ar an eolas nár tugadh an fógra trí mhí á rá go mbeartaítear páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €2,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

<u>Fógraí leis an bPost</u>

Is féidir le lánúin fógra trí mhí á rá go mbeartaítear páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh a chur leis an bpost chuig an gCláraitheoir in imthosca an-teoranta ach ní féidir déanamh amhlaidh ach amháin le ceadú roimh ré ón gCláraitheoir. Is iad seo a leanas na himthosca a bhaineann le fógra den sórt sin:

- I gcás tinneas criticiúil a bheith ar dhuine de na páirtithe

nó

- I gcás ina bhfuil cónaí ar dhuine amháin de na páirtithe nó ar an mbeirt pháir tithe lasmuigh den Stát

Tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aire nach mór don lánúin, i gcás ina ndéantar fógra leis an bpost, freastal a dhéanamh ag oifig an Chláraitheora 5 lá ar a laghad roimh chlárú na páirtnéireachta sibhialta chun an dearbhú a dhéanamh á rá nach bhfuil aon bhac ann agus chun na doiciméid riachtanacha a leagtar amach thuas faoi 'na doiciméid a iarrfar' a sholáthar.

NÓTA: **Is féidir socruithe speisialta a dhéanamh i gcás tinneas tromchúiseach a bheith ar dhuine amháin de na páirtithe nó ar an mbeirt pháirtithe – daingneoidh an Cláraitheoir an méid sin más gá.**

Maidir le fógraí leis an bpost á rá go mbeartaítear páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh, ní ceart iad a chur chuig an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta. Ní mór gach fógra den sórt sin a chur chuig an gCláraitheoir a d'eisigh an fhoirm a bhaineann le fógra leis an bpost.

I gcás fógraí leis an bpost, más rud é go raibh ceachtar páirtí pósta roimhe seo nó go raibh ceachtar páirtí i bpáirtnéireacht shibhialta roimhe seo, ní mór dóibh an fhoraithne bhunaidh colscartha deiridh, an deimhniú bunaidh díscaoilte páirtnéireachta nó deimhniú báis an iarchéile/na n-iarchéilí nó an iarpháirtnéara shibhialta/na n-iarpháirtnéirí sibhialta a thíolacadh in éineacht leis an bhfógra. Déanfaidh an Cláraitheoir na ceanglais sin a dhaingniú nuair a lorgaítear údarú chun fógra a thabhairt leis an bpost.

Díolúintí

Maidir leis an gceanglas i dtaobh fógra trí mhí a thabhairt á rá go mbeartaítear páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh, féadfar díolúine a fháil ina leith trí iarratas a dhéanamh chuig cúirt. Ní mór iarratais ar dhíolúine den sórt sin a dhéanamh chuig an gCúirt Teaghlaigh Chuarda sa cheantar ina bhfuil cónaí ar cheachtar páirtí, ina seolann ceachtar páirtí slí bheatha nó ina bhfuil an pháirtnéireacht shibhialta le clárú nó chuig an Ard-Chúirt. Ceanglaíonn an chúirt ar iarratasóirí ar dhíolúintí a thaispeáint go bhfuil údar maith lena n-iarratais trína léiriú go bhfuil cúiseanna maithe ann agus go bhfuil deonú na díolúine ar mhaithe le leasanna na bpáirtithe lena mbaineann. I gcásanna ina mbeifear tar éis díolúine ón bhfógra trí mhí a dheonú, ní mór don lánúin, dá ainneoin sin, freastal i bpearsa, de réir coinne, ar oifig an Chláraitheora 5 lá ar a laghad roimh an bpáirtnéireacht shibhialta a dhéanamh chun dearbhú a dhéanamh á rá nach bhfuil aon bhac ann i ndáil leis an bpáirtnéireacht shibhialta agus chun na doiciméid riachtanacha agus na mionsonraí atá leagtha amach thuas a thabhairt ar aird.

Tá na mionsonraí teagmhála le haghaidh na gcúirteanna go léir le fáil ar www.courts.ie.

Foirm Chláraithe Páirtnéireachta Sibhialta (FCPS)

Déantar Foirm Chláraithe Páirtnéireachta Sibhialta (FCPS) a chomhlánú nuair is

deimhin leis an gCláraitheoir gur soláthraíodh na mionsonraí riachtanacha go léir agus go bhfuil an lánúin saor chun páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh. Go praiticiúil, coinneoidh an Cláraitheoir an doiciméad sin go dtí dáta cláraithe na páirtnéireachta sibhialta.

Is é an FCPS an doiciméad dlíthiúil trína ndéantar clárú páirtnéireachta sibhialta a chur i gcrích. Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach, maidir leis na mionsonraí go léir a sholáthraíonn an lánúin tráth na coinne i ndáil le fógra a thabhairt, go bhfuil na mionsonraí sin cruinn.

Moltar go láidir go ndéanfaidh lánúineacha na doiciméid agus an fhaisnéis go léir a iarrann an Cláraitheoir a thabhairt leo chuig a gcoinne i ndáil le fógra a thabhairt ionas gur féidir an próiseas ar fad, lena n-áirítear comhlánú an FCPS, a chur i gcrích ag aon chruinniú amháin.

An Próiseas a ghabhann le Clárú Páirtnéireachta Sibhialta

Seo a leanas achoimre leathan ar an nós imeachta chun páirtnéireacht shibhialta a chlárú sa Stát. Baineann sé seo le saoránaigh Éireannacha agus le saoránaigh neamh-Éireannacha araon. **I ngach cás, ní mór na réamhcheanglais a dtugtar achoimre orthu sa roinn sin roimhe seo a chomhlíonadh.**

Clárú Páirtnéireachta Sibhialta:

Féadfar páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh in oifig Cláraitheora nó in ionad atá comhaontaithe idir an lánúin agus an Cláraitheoir agus atá ceadaithe roimh ré ag an gCláraitheoir.

Ní mór clárú na páirtnéireachta sibhialta a dhéanamh in áit atá oscailte don phobal agus i láthair beirte fhinnéithe nach mór dóibh araon a bheith os cionn 18 mbliana d'aois.

Is iad seo a leanas na ceanglais dhlíthiúla a bhaineann le clárú páirtnéireachta sibhialta:

(a) is deimhin leis an gcláraitheoir go dtuigeann na páirtithe sa pháirtnéireacht shib hialta nádúr na páirtnéireachta sibhialta

(b) déanann gach páirtí dearbhú a rá
  (i) nach eol dóibh aon bhac a bheith ann maidir leis an bpáirtnéireacht shib hialta a dhéanamh
  (ii) go mbeartaíonn siad maireachtáil in éineacht leis an bpáirtí eile agus tacú leis an bpáirtí eile, agus
  (iii) go nglacann siad leis an bpáirtí eile mar pháirtnéir sibhialta, agus

(c) síníonn na páirtithe sibhialta sa pháirtnéireacht shibhialta, na finnéithe agus an Cláraitheoir an FCPS.

Ionaid ina ndéantar Clárú Páirtnéireachta Sibhialta:

Más mian leat searmanas sibhialta a sheoladh in ionad seachas Oifig Chlárlainne, ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Chlárúcháin sa cheantar ina bhfuil an t-ionad suite agus ní mór iarratas a dhéanamh chun an t-ionad a cheadú le haghaidh na páirtnéireachta sibhialta. D'fhéadfadh sé tarlú go ndéanfaidh an Cláraitheoir iniúchadh ar an ionad. Chun gur féidir an t-ionad a iniúchadh in am trátha le haghaidh do pháirt-néireachta sibhialta beartaithe, moltar go ndéanfar socruithe leis an ionad tamall maith roimh do choinne leis an gCláraitheoir chun fógra a thabhairt.

Tá na ceanglais a bhaineann le ceadú áiteanna le haghaidh na páirtnéireachta sibhialta ar fáil ó aon oifig áitiúil clárúcháin shibhialta nó ar láithreán gréasáin na Seirbhíse um Chlárú Sibhialta ag **www.groireland.ie.**

Is den tábhacht é nach ndéanann tú aon socrú ceangailteach leis an ionad go dtí go mbeidh sé deimhnithe ag an gcláraitheoir go mbeidh sé/sí ar fáil chun do pháirtnéireacht shibhialta a chlárú ar an dáta agus ag an ionad i gceist.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go ngearrfar táillí breise ar chlárú páirtnéireachta sibhialta in ionaid seachas oifig Cláraitheora. Tabharfaidh an Cláraitheoir eolas duit faoi na táillí a bheidh dlite nuair atá d'fhógra á thabhairt agat.

Úsáid a bhaint as Ateangairí:

Ní mór seirbhísí ateangaire chreidiúnaithe a fháil i gcás nach bhfuil dóthain eolais ag aon duine de na páirtithe sa pháirtnéireacht shibhialta ar theanga na páirtnéireachta sibhialta chun í a thuiscint. Tá sé de fhreagracht ar an lánúin an tseirbhís sin a shocrú.

Daoine a bhí i bpáirtnéireacht shibhialta nó a bhí pósta roimhe seo

<u>Páirtnéireacht Shibhialta i gcás daoine a bhí pósta nó a bhí i bpáirtnéireacht shibhialta roimhe seo:</u>

Más rud é go raibh ceachtar páirtí pósta roimhe seo nó ina pháirtí/páirtí i bpáirtnéireacht shibhialta roimhe seo, is gá na doiciméid seo a leanas a sholáthar:-

Colscartha:	Foraithne bhunaidh/Foraitheanta bunaidh an cholscartha deiridh
Iar-Pháirtnéir Sibhialta:	Díscaoileadh/Díscaoilte bunaidh deiridh na páirt néireachta sibhialta
Baintreachas:	Deimhniú/Deimhnithe báis an chéile/na gcéilí nach maireann mar aon leis an deimhniú/na deimhnithe bunaidh pósta shibhialta
Páirtnéir Sibhialta Marthanach:	Deimhniú/Deimhnithe báis an pháirtnéara shibhial ta/na bpáirtnéirí sibhialta nach maireann mar aon leis an deimhniú/na deimhnithe bunaidh páirtnéireachta sibhialta

Ní mór aistriúcháin Bhéarla ar na doiciméid a sholáthar más gá sin.

Má bhí ceachtar páirtí pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta arna neamhniú ag cúirt Éireannach, ní mór an fhoraithne dheiridh neamhnithe, mar aon le litir ón gcúirt iomchuí á dhaingniú nár taisceadh aon achomharc, a sholáthar don Chláraitheoir.

Más rud é go raibh ceachtar de na páirtithe i bpáirtnéireacht shibhialta bheartaithe pósta roimhe seo nó ina pháirtí/páirtí i bpáirtnéireacht shibhialta roimhe seo, is ceart an méid sin a chur in iúl don Chláraitheoir an tráth a dhéantar an choinne chun fógra a thabhairt.

<u>Colscaradh/Díscaoileadh Coigríche</u>

I gcás colscartha arna dheonú ag Cúirt de chuid Stáit eile, tá feidhm ag an nós imeachta seo a leanas:

- Má tá an fhoraithne colscartha i dteanga iasachta, ní mór aistriúchán Béarla ar an gColscaradh a sholáthar agus é deimhnithe go cuí ag comhlacht oifigiúil nó ag gníomhaireacht aitheanta aistriúcháin. I gcás colscartha coigríche, déantar breithniú i dtaobh an bhfuil an colscaradh inaitheanta faoi dhlí na hÉireann roimh dháta deireanach chun an pháirtnéireacht shibhialta a dhaingniú.

- I gcás ina dtagann an colscaradh faoi réim rialacháin an AE, is leor go ndaingnítear leis an doiciméad colscartha gur tugadh fógra don dá pháirtí sa cholscaradh faoi na himeachtaí agus go raibh deis acu fianaise a thabhairt don chúirt a dheonaigh an colscaradh. Más rud é nach léir an méid sin sa doiciméad colscartha deiridh, déanfaidh an Cláraitheoir na doiciméid a bheidh á iarraidh a dhaingniú ag an gcoinne chun fógra a thabhairt.

- I gcás nach bhfuil feidhm ag rialacháin an AE, ní mór fianaise áirithe maid ir le háit bhreithe, tíortha cónaithe agus fíorais iomchuí eile a thabhairt i gceistneoir a sholáthróidh an Cláraitheoir. Déantar an fhaisnéis a chur ar aghaidh ansin chuig Oifig na Seirbhíse um Chlárú Sibhialta agus d'fhéadfadh sé tarlú go sainaithneofar tuilleadh ceanglas ansin.

- Más rud é go ndeonaítear díscaoileadh dlíthiúil páirtnéireachta sibhialta las muigh d'Éirinn, aithneofar faoi dhlí na hÉireann é má tá ordú déanta ag an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe an Dlí chun an aicme chuí gaolmhaireachtaí dlíthiúla a aithint sa dlínse inar deonaíodh an díscaoileadh.

Tá rialacha casta ann maidir le haitheantas a thabhairt do cholscaradh coigríche faoi dhlí na hÉireann agus moltar go ndéanfar fiosraithe sonracha faoin ábhar sin a sheoladh chuig Oifig na Seirbhíse um Chlárú Sibhialta ag 090-6632945/49/64/70 nó tríd an roinn 'déan teagmháil linn/contact us' ar ár láithreán gréasáin ag www.groireland.ie.

<u>Colscaradh nó Díscaoileadh Éireannach</u>

I gcás colscartha nó díscaoilte arna dheonú ag Cúirt Éireannach, ní mór an fhoraithne bhunaidh chúirte ina leith sin a thíolacadh don Chláraitheoir cuí le linn na coinne chun fógra a thabhairt.

Is ceart a thabhairt do d'aire go bhfuil idirdhealú ann idir neamhniú, idirscaradh, colscaradh agus díscaoileadh, agus déantar achoimre anseo thíos ar an idirdhealú leathan:-

- Más rud é nach raibh aon phósadh bailí nó aon pháirtnéireacht shibhialta bhailí ar marthain, féadfar foraithne neamhnithe a lorg ar Chúirteanna na hÉireann ar an gcéad ásc – ciallaíonn foraithne shibhialta neamhnithe nach raibh aon éifeacht dhlíthiúil leis an bpósadh nó ag clárú na páirtnéireachta sibhialta i dtrácht agus go bhfuil na páirtithe lena mbaineann saor, de réir an dlí shibhialta, chun páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh.

- Má tá pósadh bailí ar marthain agus go scarann lánúin (trí mhodh breithiú nach nó trí chomhaontú), ní cheadaítear do na páirtithe páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh.

- Más rud é go ndéanann na páirtithe i bpósadh bailí colscaradh ina dhiaidh sin (agus go ndeonaíonn cúirt Éireannach an colscaradh sin nó go n-aithníonn an Stát seo an colscaradh sin) féadfaidh ceachtar de na páirtithe lena mbaineann páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh.

- Más rud é go ndéantar díscaoileadh a dheonú do na páirtithe i bpáirtnéireacht shibhialta bhailí ina dhiaidh sin (agus go ndeonaíonn cúirt Éirean nach an díscaoileadh sin nó go n-aithníonn an Stát seo an díscaoileadh sin) féadfaidh ceachtar de na páirtithe lena mbaineann páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh.

Maidir leis na nósanna imeachta atá ann i ndáil le foraitheanta neamhnithe, idirscaradh, colscaradh nó díscaoileadh a lorg, baineann siad leis na Cúirteanna cuí agus níl aon fheidhm ag Cláraitheoirí maidir leis na nósanna imeachta sin. Is ceart teagmháil dhíreach a dhéanamh leis na hOifigí Cúirte cuí.

Is ceart a thabhairt do d'aire nach bhfuil aon éifeacht sa dlí sibhialta le neamhniú arna dheonú ag comhlacht crábhaidh agus nach bhfuil daoine nach bhfuil ach neamhniú eaglasta faighte acu saor chun páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh.

Páirtnéireacht Shibhialta lasmuigh d'Éirinn

Leis an Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Cómhchónaitheoirí, 2010, déantar socrú maidir le haitheantas a thabhairt do chaidrimh chláraithe choigríche. Le halt 5 den Acht, déantar foráil go bhféadfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe an Dlí, le hordú, a dhearbhú go bhfuil aicme de chaidreamh dlíthiúil arna dhéanamh ag beirt pháirtí den ghnéas céanna lena chéile i dteideal a haitheanta mar pháirtnéireacht shibhialta más rud é go gcomhlíontar critéir áirithe. Is ceart fiafraithe maidir leis na horduithe sin a chur chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí – Glao Áitiúil 1890 221-227.

Níl aon fheidhm ag Oifig na Seirbhíse um Chlárú Sibhialta maidir le comhairle a thabhairt faoi pháirtnéireachtaí sibhialta a dhéantar lasmuigh d'Éirinn nó maidir le clárú páirtnéireachtaí den sórt sin. Níl aon deis ann chun páirtnéireachtaí den sórt sin a chlárú sa Stát.

Aguisín 1

Seicliosta do lánúineacha a bhfuil iarratas á dhéanamh acu chun páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh

1) Fógra

Déan coinne le Cláraitheoir chun fógra a thabhairt á rá go mbeartaítear páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh (ní mór fógra a thabhairt 3 mhí ar a laghad roimh an gclárúchán; moltar do na páirtithe sin a dhéanamh a luaithe is féidir).

2) Doiciméid a iarrfar nuair a bheidh an fógra a thabhairt

- Pas mar aitheantas fótagrafach (mura bhfuil pas ar fáil, ní mór duit an t-ábhar a phlé leis an gCláraitheoir nuair atá do choinne á déanamh agat);
- Deimhniú Breithe (ní mór stampa deimhniúcháin apostille a bheith air más de thionscnamh áite lasmuigh d'Éirinn an deimhniú breithe),
- Cruthúnas ar sheoladh
- Uimhir PPS (más infheidhme)
- Má tá ceachtar páirtí cúlscartha, foraitheanta críochnaitheacha bunaidh i leith gach uile cholscaradh roimhe sin
- Más baintreach nó baintreach fir ceachtar den dá pháirtí, teastas báis an chéile agus an teastas pósta sibhialta
- Más rud é go ndearna ceachtar páirtí páirtnéireacht shibhialta roimhe sin a dhíscaoileadh, foraithne bhunaidh dheiridh an díscaoilte i leith gach páirt néireachta sibhialta cláraithe roimhe sin
- Más páirtnéir shibhialta marthanach ceachtar den dá pháirtí, teastas báis an pháirtnéara sibhialta agus teastas na páirtnéireachta sibhialta

D'fhéadfadh sé go n-iarrfar doiciméid bhreise i gcásanna áirithe, mar shampla i gcás colscaradh a bheith deonaithe lasmuigh den Stát agus nach mór cinneadh a dhéanamh i dtaobh an dtugtar aitheantas dó sin faoi dhlí na hÉireann. Déarfaidh an Cláraitheoir leat, ag an gcoinne chun fógra a thabhairt, cad atá ag teastáil i ngach cás.

Tá táille le híoc freisin i ndáil le fógra a thabhairt agus ní mór an táille sin a íoc tráth na coinne.

3) Mionsonraí breise a iarrfar

- an dáta atá beartaithe le haghaidh na páirtnéireachta sibhialta,
- ainmneacha agus dátaí breithe na beirte finnéithe, agus
- mionsonraí faoin ionad beartaithe.

Aguisín 2

Bacanna ar Pháirtnéireacht Shibhialta

Tá bac ann ar pháirtnéireacht shibhialta más rud é:

- Go mbeidh duine amháin de na páirtithe, nó an bheirt pháirtithe, sa pháirt néireacht shibhialta bheartaithe faoi bhun 18 mbliana d'aois ar an dáta a bheartaítear an pháirtnéireacht shibhialta a chlárú.
- Go bhfuil duine amháin de na páirtithe, nó an bheirt pháirtithe, sa pháirt néireacht shibhialta bheartaithe ina páirtí/páirtí cheana i bpáirtnéireacht shibhialta atá ar marthain nó i bpósadh atá ar marthain.
- Nach dtugann duine amháin de na páirtithe, nó nach dtugann an dá pháirtí, toiliú saorálach, feasach.
- Nach daoine den ghnéas céanna iad na páirtithe.
- Go mbeadh an pháirtnéireacht shibhialta ar neamhní de bhua na gcéimean na gaoil toirmiscthe.

Ní ceadmhach do dhuine páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh le duine a thagann faoi réim na gcéimeanna gaoil toirmiscthe mar atá leagtha amach sa tábla thíos. Ba cheart gaolta atá faoi réim an tábla sin a fhorléiriú mar ghaolta a fholaíonn leasghaolta (e.g. folaíonn deartháir nó deirfiúr deartháir nó deirfiúr i gcás nach bhfuil ach tuismitheoir amháin i gcoiteannas, etc.), agus folaíonn na gaolta go léir gaolta agus iarghaolta trí uchtáil.

Ní ceadmhach d'fhear páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh le duine ar bith díobh seo a leanas:	**Ní ceadmhach do bhean páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh le duine ar bith díobh seo a leanas:**
Seanathair leis	Seanmháthair léi
Deartháir le duine dá sheantuismitheoirí	Deirfiúr le duine dá seantuismitheoirí
A athair	A máthair
Deartháir lena athair	Deirfiúr lena máthair
Deartháir lena mháthair	Deirfiúr lena hathair
Deartháir leis	Deirfiúr léi
Nia leis	Neacht léi
Mac leis	Iníon léi
Garmhac leis	Gariníon léi
Garnia leis	Garneacht léi

Nóta Ginearálta: Má tá tuilleadh faisnéise uait maidir le haon ní atá sa leabhrán seo, déan teagmháil, le do thoil, leis an Oifig Chlárúcháin Shibhialta i do cheantar (mionsonraí teagmhála le fáil ag www.hse.ie/eng/services/Find_a_Service/bdm) nó leis an tSeirbhís um Chlárú Ginearálta ag Glao Áitiúil 1890 252076 nó +353 (0)90 6632900.